A Ard-Aighne, a bhaill den Bhreithiúnacht agus den Gharda Síochána, a Dhaoine Uaisle, tugann sé an-phléisiúr dom fáilte a chur romhaibh chuig 21ú Comhdháil Náisiúnta Bhliantúil na nIonchúiseoirí. Ba mhaith liom fáilte ar leith a chur roimh ár nAturnaetha Stáit úra agus leis an Abhcóide Ionchúisimh chuig an gcomhdháil seo.

Cosúil le go leor rudaí sa bhliain 2020, mar gheall ar an bpaindéim, tá formáid ár gcomhdhála gan choinne, ach tá ríméad orm go bhfuil an oiread sin agaibh ag freastal ar an imeacht gairid seo ar líne ar maidin.

Tá trí chainteoir againn inniu agus beidh saincheisteanna tráthúla á bplé acu ar fad. Ar ár son uile gabhaim buíochas lenár gcainteoirí as a gcuid ama agus a gcuid saineolais a thabhairt dúinn inniu.

Is é ceann de na saincheisteanna tráthúla ar ndóigh tionchar phaindéim Covid-19 ar an gCóras Ceartais Choiriúil agus ar ár gcúirteanna. Cuirim fáilte roimh Angela Denning, POF an Seirbhíse Cúirteanna a labhróidh linn faoin dóigh ar thug na cúirteanna aghaidh ar an bpaindéim. Ar an gcéad dul síos, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt di agus buíochas a ghabháil léi agus leis an tSeirbhís Cúirteanna as a n-iarrachtaí a chinntiú go ndéanfar an tsláinte phoiblí a chosaint sna cúirteanna trí na bearta a ghlacadh sna seomraí cúirte agus thart orthu. Mar atá sé i ngach réimse eile den tsochaí tá sé ríthábhachtach go gcoinneofar leis an iarracht sin.

D'fhreagair an tseirbhís ionchúisimh go maith do na dúshláin a bhí roimpi ó tugadh na srianta isteach i mí an Mhárta agus lean an Córas Ceartais Choiriúil ag feidhmiú. Cé nár tosaíodh trialacha úra ar bith le giúiré idir lár mhí an Mhárta agus mí Iúil, leanadh le pléadálacha ciontacha i ngach cúirt mar aon le héisteachtaí áirithe sa Chúirt Dúiche, agus trialacha sa Chúirt Choiriúil Speisialta.

Cloisfimid go leor eile faoi sin ó Angela agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil léi agus leis an tSeirbhís Cúirteanna as an dul chun cinn teicneolaíoch atá déanta acu agus an méid atá bainte amach acu i am an-ghairid, lena n-áirítear teacht éisteachtaí cianda. Maidir leis sin, cuirim fáilte roimh na leasuithe reachtacha a rinneadh tríd an Acht um an Dlí Sibhialta agus an Dlí Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2020 chun na nuálaíochtaí sin a uasmhéadú.

Tá deis ann chomh maith creidim, sa chomhthéacs digiteach i gcoitinne, le méadú a dhéanamh ar chur i láthair leictreonach na gcásanna coiriúla, rud atá indéanta i gcúirteanna áirithe sa CCC, agus faoi cad a d'fhoghlaimíomar ó Lorcan Staines SC ag comhdháil na bliana anuraidh. Táimid ullamh agus sásta oibriú i gcomhair maidir leis sin agus nuálaíochtaí eile.

Thaispeáin baill foirne agus gach ionchúisitheoir tiomantas agus solúbthacht thar barr mar fhreagairt do na dúshláin a bhí ann mar gheall ar an bpaindéim agus maidir le hoiriúnú do na hathruithe ar an dóigh a bhfuil a ngnó á dhéanamh ag na cúirteanna. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil libh go léir, lenár nAturnaetha Stáit agus lenár nAbhcóide Ionchúisimh, as bhur n-

obair chrua agus as an tiomantas atá taispeánta agaibh lena chinntiú go gcoimeádtar riarachán an cheartais.

Luaigh mé gur tugadh tús áite agus go dtugtar tús áite fós do chatagóirí áirithe ciona in ainneoin na srianta ar ghluaiseacht agus ar ghnó na gcúirteanna. Sampla an-tábhachtach de sin is ea beartú tosaíochta na gcásanna foréigin bhaile sa Chúirt Dúiche. Mar a chlúdaíodh go fairsing sna meáin, thuairiscigh an Garda Síochána agus na seirbhísí deonacha um fhoréigean baile méadú ar líon na dteagmhas foréigin bhaile le linn na paindéime.

Is féidir liom a dheimhniú go raibh an méadú ar chásanna le feiceáil in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí chomh maith. In 2019 fuaireamar 464 comhad ar an iomlán i gcás go raibh foréigean baile nó sárú ar ordú cúirte i gceist. Tá 684 comhad faighte ag an Oifig i mbliana cheana. Is ionann é sin agus méadú 87 faoin gcéad i gcomparáid leis an tréimhse chéanna anuraidh. Tá sé tábhachtach go dtabharfaidh Córas Ceartais Choiriúil aghaidh air sin ar mhaithe leis an bpobal. Cuirim fáilte roimh an tosaíocht atá tugtha ag an tSeirbhís Cúirteanna agus ag an gCúirt Dúiche do na cásanna sin.

Tá idirchaidreamh gníomhach á dhéanamh ag an Oifig leis an nGarda Síochána le roinnt blianta anois ar ionchúiseamh éifeachtúil na gcásanna foréigin bhaile. Áiríodh leis sin oiliúint fhairsing a sholáthar do na Gardaí Sinsearacha a ionchúisíonn na cásanna sin sna Cúirteanna Dúiche ar fud na tíre. Forbraíodh prótacail chomh maith maidir le comhaid a chur isteach agus cásanna a chur i láthair. Is é ár bpolasaí d'fhoireann an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí gach cás um fhoréigean baile a chuireann na Gharda Síochána isteach chugainne a ionchúiseamh i gCúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath agus leanaimid leis an bpolasaí sin sa réimse an-íogair seo.

Tháinig réimse úr oibre chun cinn go díreach mar thoradh ar an bpaindéim. Thar an tréimhse ó mhí an Mhárta shínigh an tAire Sláinte sraith ionstraimí reachtúla isteach sa dlí lena rialaítear gníomhaíochtaí éagsúla, ar mhaithe le sláinte an phobail. Ó thosaigh an phaindéim rinne Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí idirchaidreamh leis an nGarda Síochána agus thug sé comhairle dóibh maidir le forfheidhmiú na rialachán sin agus threoraigh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí na hionchúisimh sin go léir. Go dtí an tseachtain seo fuaireamar 447 comhad ina lorgaíodh treoir maidir le hionchúiseamh. As an líon sin threoraíomar ionchúiseamh na gcionta sin in 262 cás. Bhí 401 amhrastach bainteach leis sin.

Leanann na rialacháin agus na cionta is infheidhme ag teacht chun cinn agus ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair shármhaith atá déanta ag an bhfoireann agus iad ag déileáil leis an réimse úr seo.

An rud suntasach faoi na míonna seo ó thosaigh an phaindéim ná gur tháinig méadú thart ar 22% ar líon na gcomhad atá a gcur isteach chuig an Oifig maidir le hionchúiseamh i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Cé go bhfuil ár n-ualach oibre ag méadú bliain ar bhliain is é seo méadú neamhghnách agus feicfear linn an gcoinneofar é isteach sa bhliain 2021.

Go dosheachanta in ainneoin na nuálaíochtaí ar fad a luaigh mé níos luaithe, bhí tionchar ag an bpaindéim ar phróiseáil na gcásanna trí na cúirteanna. Is follasaí é sin i réimse na dtrialacha le giúiré. Cuireadh gach triail úr le giúiré ar fionraí ar chúiseanna na sláinte poiblí idir lár mhí Mhárta agus deireadh mhí Iúil. Ó bhog an tír go leibhéal 5 ar an 22 Deireadh Fómhair ní raibh triail úr ar bith le giúiré áit ar bith ar fud na tíre.

Cuirim fáilte roimh na hiarrachtaí ar fad atá déanta ag an tSeirbhís Cúirteanna chun gnó na coireachta a choinneáil ag feidhmiú ar mhaithe le riarachán an cheartais. Tá riaráiste suntasach ann mar gheall ar an bpaindéim, áfach, a éireoidh níos mó gan amhras sula mbeidh an phaindéim thart, go háirithe sa réimse maidir le trialacha le giúiré. Tá sé sin sothuigthe ar ndóigh, toisc, ar mhaithe leis an tsláinte phoiblí, nach bhféadfaí giúróirí a ghaireadh i líonta móra i lár na srianta. Is é cuid den réiteach, dar liomsa, maidir le déileáil leis na riaráiste de dheasca na paindéim, agus an fadtéarma, córas éisteachtaí réamhthrialach ionas go mbeidh trialacha níos éifeachtaí ann.

Tá córas cuimsitheach d'éisteachtaí réamhthrialach á iarraidh agam ó thug mé aitheasc i mo chéad chomhdháil mar Stiúrthóir i mí na Bealtaine 2012. Tá mé sa bhliain dheireanach anois de mo thréimhse oifige agus, cé go bhfuil dréacht-reachtaíocht á hathbhreithniú ar feadh roinnt blianta, cuirim fáilte roimh thiomantas an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais do reachtaíocht sa réimse seo a thabhairt isteach go luath.

Beidh na buntáiste méadaithe faoi dhó. I gcásanna atá liostaithe lena dtriaileadh i gcás go mbeidh an duine cúisithe ag pléadáil go bhfuil sé neamhchiontach ba cheart go mbeifí ábalta réamhrabhadh a fháil maidir le fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith faoi dhíospóid agus go ndéanfaí na fadhbanna sin a réiteach sula ndéanfaí giúiré a ghairm agus a chur ar phainéal. Sábhálfaidh sé sin am na ngiúróirí ach sábhálfar am luachmhar na cúirte chomh maith. Níos tábhachtaí arís, b'fhéidir, ciallóidh sé nach dtabharfar íospartaigh agus a dteaghlaigh os comhair na cúirte ar dháta na trialach le fáil amach nach féidir dul ar aghaidh leis an triail ar chúis éigin. Tá sé sin riachtanach le haghaidh fholláine na n-íospartach agus a dteaghlach. Beidh ar an ionchúiseamh agus ar an gcosaint araon díriú ar an dóigh a gcuirfidh an cás i láthair agus feidhmeanna riachtanacha ar bith a dhéanamh tamall fada roimh an triail.

D'fhógair tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais pleananna maidir le reachtaíocht um éisteachtaí réamhthrialach mar chuid dá freagairt le déanaí ar thuarascáil cainteora eile dár gcuid, Tom O'Malley BL. Bhí Tom ina chathaoirleach ar an ngrúpa a bhunaigh an tAire chun scrúdú a dhéanamh ar fhinnéithe leochaileacha in imscrúdú agus ionchúiseamh cionta gnéasacha. Tá ríméad orm gur aontaigh Tom go labhródh sé linn maidir leis an ábhar seo. Ó foilsíodh tuarascáil Tom i mí Lúnasa ullmhaíodh plean cur chun feidhme i gcomhar leis na páirtithe leasmhara agus gníomhaireachtaí íospartach agus d'fhoilsigh an tAire le gairid í.

Mar a deirim, cuimsítear tiomantas sa phlean sin do reachtaíocht um éisteachtaí réamhthrialach. Cé go bhfuil sé molta i gcomhthéacs cionta gnéasacha bheadh feidhm chomh

tábhachtach céanna maidir leis i ndáil le cionta tromchúiseacha nó casta eile. Le tiomantas na bpáirtithe leasmhara ar fad dá chur chuige éifeachtach, ní féidir na buntáistí a mheas faoina luach.

I gcomhthéacs cionta gnéasacha, mar a fógraíodh roimhe seo, tá aonad cionta gnéasacha úr á chruthú againn. Nuair a bheidh sé bunaithe, tá sé beartaithe go ndéanfar na cionta gnéasacha ar fad a ionchúiseofar sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus beagnach gach catagóir de chionta gnéasacha i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath a bhainistiú ó thús go deireadh laistigh den aonad úr sin. In ainneoin na ndúshlán breise ar ár seirbhís mar gheall ar phaindéim Covid-19, táimid ag súil go mbeidh an chéad chéim den ACG i bhfeidhm faoi dheireadh 2020. Is é sin comhartha dár dtiomantas dul ar aghaidh leis an tionscadal seo. Creidim go mbeidh sé ina chéim dhearfach chun tosaigh maidir le déileáil le híospartaigh na coireachta gnéis. Táim an-sásta a rá gur dhearbhaigh an Rialtas le déanaí go mbeidh an maoiniú ar fad ar fáil le haghaidh 2021.

Tá an gá atá le hionad tiomanta chun déileáil le cionta gnéasacha níos mó ná riamh i mbliana agus muid fós ag feiceáil méadú suntasach ar chomhaid cionta gnéasacha á gcur isteach chuig an Oifig. In 2019, bhí méadú 12% ar líon na gcomhad den chineál sin.

Ar deireadh ba mhaith liom ár dtríú cainteoir Brendan Grehan SC a thabharfaidh caint dúinn maidir leis an dlí um ghriogadh a tháinig as forbairtí sa Chúirt Uachtarach i mbliana. I gcás an *Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i leith Alan McNamara* soiléiríodh an dlí maidir le cosaint um ghriogadh agus tá sé tábhachtach dúinne mar ionchúisitheoirí go mbeimid ar an eolas faoi na forbairtí is déanaí. Gabhaim buíochas leis as cur le comhdháil na bliana seo.

Ba mhaith liom Brexit a lua go gasta atá fós ar na bacáin. Mar a bheidh a fhios agat, ar an 1 Eanáir 2021 ní bheidh an Ríocht Aontaithe ina cuid den Aontas Eorpach a thuilleadh. Tá dúshlán fós á chur ag Brexit os comhar obair idirnáisiúnta na hOifige agus deireadh idirthréimhse ag druidim linn i lár neamhchinnteacht leanúnach faoi cé acu, nuair a thiocfaidh mí Eanáir 2021, an mbeidh socrú dlíthiúla úra i bhfeidhm leis an Ríocht Aontaithe a chuirfear in ionad na nósanna imeachta um Barántas gabhála Eorpach reatha. Agus na caibidlí polaitiúla ag dul chun cinn, leanann an fhoireann idirnáisiúnta san Oifig ag idirchaidreamh leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus leis an nGarda Síochána chun pleanáil do cibé rud a tharlóidh.

Sula gcríochnaím ba mhaith liom cuimhneamh ar Paul Anthony McDermott SC a fuair bás go gairid i ndiaidh chomhdháil na bliana anuraidh i mí na Nollag 2019. Déanaimid comhbhrón ó chroí lena bhean chéile Annick, lena pháistí agus lena theaghlach ar a bhás roimh am.

Cé go bhfuair sé bás óg, bhí gairm mheasúil ag Paul Anthony ar an mBarra. Thosaigh sé ag déanamh ionadaíochta ar son an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí sa cheathrú bliain dá chleachtas in 2000 agus rinneadh abhcóide sinsir dó in 2015. Rinne sé roinnt cásanna an-

tábhachtach a ionchúiseamh agus gníomhaigh sé i réimse leathan athbhreithnithe breithiúnacha an-suntasach. Ba cheann de bhuanna Paul Anthony ceisteanna casta a dhéanamh simplí agus inrochtana, fianaise ar a intleacht ollmhór féin. Thug sé é sin chuig a ghairm chomhuaineach mar acadóir iomráiteach agus tá sé oiriúnach nach bhfuiltear ach i ndiaidh an dara heagrán de 'Criminal Law and Evidence ' le Charleton agus McDermot a fhoilsiú. Aireoimid go mór é. Go ndéana Dia trócaire air.

Ar deireadh, buíochas.

Buíochas le Martin Linnane a ghníomhaigh mar Aturnae Stáit do Chontae an Chláir i mí Iúil i ndiaidh 36 bliain de sheirbhís phoiblí thar ceann an Ard-Aighne agus an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ansin. Guímid gach rath air ina scor. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith le Barry Healy a ghníomhaigh mar Aturnae Stáit do Chontae Mhuineacháin i mbliana i ndiaidh ceithre bliana déag seirbhíse.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na páirtithe leasmhara eile sa Chóras Ceartais Choiriúil as bhur dtacaíocht agus comhoibriú leanúnach linn.

Gabhaim buíochas chomh maith le Orlagh Flood agus Kevin Graham dár gcuid féin a d'eagraigh an chomhdháil ar líne seo.

Go raibh maith agat as bhur n-aird.